**Coláiste Naomh Feichín**
**Corr na Móna**
**Co. na Gaillimhe**

Fón: 094 9548006 Facs: 094 9548048
Email: eolas.feichin@gretb.ie

gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
*Galway and Roscommon Education and Training Board*

23ú Deireadh Fómhair 2020

A Thuismitheoirí, a Chaomhnóirí, a chairde,

Beatha agus Sláinte. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh go léir as ucht bhur gcuid tacaíochta ó thús an téarma seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil ar an foireann ar fad as an gcaoi a chabhraigh siad liom an scoil a ullmhú don ath-oscailt. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le Padraig Ó hIcí as ucht an obair fisiciúil a rinne sé ó Mhárta chun suíomh slán agus sábháilte a chur ar fáil dúinn ar fad. Ná laga Dia é. Mo bhuíochas do Sarah Ní Allmhuráin atá tar éis obair na gcapall a chuir isteach ag cinntiú go bhfuil obair riaracháin oifige déanta ainneoin deacrachtaí cumarsáide atá cruthaithe le linn tréimhse dúshlánach. Molaim a díograis agus a gcuid gairmiúlachta i gcónaí. Tá Mary de Brún ag déanamh an-obair ag glanadh na scoile ó bhun go barr go laethúil. Is seodín í. Agus ar dheireadh thiar, mo leathbhádóir, Eibhlín Uí Mhainín. Tugann sí togha na haire do thuismitheoirí, do dhaltaí agus don fhoireann. Is leas-príomhoide cabhrach agus dúthrachtach í ina gcuid oibre.

*I wish to express my thanks to all of you for all your invaluable support since the beginning of term. I wish to express my gratitude to my staff who have ensured a safe re-opening of our school for our school community. I would like to acknowledge the huge work and effort undertaken by Pádraig Ó hIcí to ensure a safe environment for all of us. Sarah Ní Allmhuráin, our secretary has worked tirelessly to ensure that the office administration work continues seamlessly, although having to negotiate challenging circumstances brought about by the challenges we find ourselves in today. Sarah always recognizes our parent's voices and works to ensure that our community is looked after. Mary Browne is our gem, she works tirelessly to ensure that our school is clean and safe. And lastly, to my deputy Principal, Eibhlín Uí Mhainín, she minds all of us. She has everyone's best interests in mind. She is available to parents, students and staff always.*

## <u>Comhairle na dTuismitheoirí</u>

Ba mhaith linn comhghairdeas a dhéanamh le Comhairle nua-tofa Choláiste Naomh Feichín. Tá mé ag súil le oibriú leo sna blianta atá romhainn agus go mbeadh guth lárnach ag ár gComhairle in imeachtaí na scoile. Chuile rath orthu.
*I would like to congratulate our newly-elected parents to our Parents Council. Looking forward to working closely with them and to an active Parents Council in our school. Gach rath oraibh.*


| Réigiúin / Region | Máthair tofa / Mother elected | Athair tofa / Father elected |
|---|---|---|
| 1. Corr na Móna/An Mám | Róisín Coyne LePage | Micheál Ó Filbín |
| 2. An Chloch Bhreac/An Fháirche | Niamh McGing | |
| 3. An Lionán/Ceantar Rinn Mhaoile/Leitir Fraic, &rl. | Siobhán Aspell<br>Geraldine Bodkin | |

**Cruinniú le Tuistí Bliain 6:**
Beidh cruinniú Múinteoirí-Tuismitheoirí do bhliain 6 ar Dé Céadaoin, 4ú de Shamhain. Beidh an cruinniú ar bun ar Microsoft Teams ar chuntas na daltaí óna 4.05i.n. go dtí 6.35i.n. Dúnfar an scoil ar a 3.35i.n. do gach dalta. Is bealach cumarsáide nua é seo lenár dtuismitheoirí mar thoradh ar prótacail nua atá i bhfeidhm. *A meeting will be held with parents of 6th Year students on Wednesday 4th of November on the learning platform Microsoft Teams on their students' Teams account. The meeting will begin at 4.05pm and finish at 6.35pm. Classes will finish on Wednesday 4th November at 3.35pm for all students. Study facilities will be available as usual on this day. This is a new departure for us which has been brought about due to our new circumstances.*

***Lá Scannanaíochta Oíche Shamhna 23/10/2020***



Tá ár mbliain ag eagrú Lá Scannanaíochta mar chuid de tionscadal Fiontraíochta, tugann sé léargas breise dúinn agus muid ag eagrú imeacht don Charthanacht Galway Samaritans. Carthanach a dhéanann go leor oibre do na daoine gan dídean ar sráideanna na Gaillimhe. Phioc muid an carthanacht seo mar cheap muid go raibh saol an-deacair ag na daoine bochta gan dideán ag an am seo mar níl chead aon teagmhálaí fisiceach leo. Chuir muid go leor obair agus eagrúcháin isteach sa lá scannánaíochta seo, tá gach rud eagraithe de réir na treoirlínte Covid-19. Tá muid, daltaí na Cúigiú bliana ag iarraidh buíochas a ghabháil le gach múinteoir a thug cúnamh dúinn an lá seo a eagrú. Tá muid buíoch as rannphartíocht gach dalta.
*We organized our Film Day as part of our Leaving Certificate Vocational Programme (LCVP), it gives us an enhanced insight on how an event like this is organized. As well as a movie day, money has been raised for the Galway Samaritan Charity, a charity that does so much for homeless people on the streets of Galway. This charity was chosen because we felt these times are very tough for the homeless people as there is restricted physical contact allowed. Plenty of hard work and organizing has gone into this day, all being done with all the current Covid-19 guidelines being met. Us 5th year Students would like to thank all the teachers involved in helping the organization of the day, we would also like to thank all the students who were generous enough to donate money to a great cause.*



**Covid -19**
**A chairde, tá sé fúinn ar fad ár ndícheall a dhéanamh cosc ar theacht isteach agus leathnú Covid-19 sa scoil, mar sin tá na treoracha seo le leanúint ag gach duine.**

- Bíodh na comharthaí a bhaineann le Covid-19 ar eolas agaibh – **Fiabhras (Teocht Ard), Casacht, Giorra Anála / Deacrachtaí ag Análú, Easpa Blaiseadh / Boladh Laghdaithe**
  - Fán sa mbaile mura a bhfuil tú ar fónamh. Níor cheart do duine ar bith freastal ar shuíomh oideachais má tá sé/sí tinn nó má tá aon duine sa teach tinn agus comharthaí atá ag teacht le Covid-19 aige/aici.
  - Má rud go bhfuil cás amhrastach de Covid-19 sa scoil, cuirfear na treoracha seo ar leanas i bhfeidhm.

        - Tabharfar an duine go dtí an limistéar ainmnithe atá ar fáil sa scoil. (Oifig an Príomhoide)
        - **I gcás práinne caithfidh an scoil a bheith in ann teacht ar thuismitheoirí/caomhnóirí láithreach.**
        - Cuirfear fios ar na tuismitheoirí/caomhnóirí
        - Bí cinnte go bhfuil uimhir teagmhála cuí ag an scoil
        - Má tá an scoláire ró-tinn le dul abhaile, cuirfear glao ar 999 nó 112 agus ag lorg treoir.
        - Beidh an HSE i teagmháil leis an foireann and tuismitheoirí tré an gcóras teagmhála
        - Tá príobháideachais ball foirne agus daltaí riachtanach i gcónaí
- Sláinteachais Riospráide – Tá sláinteachais maith riospráide agus dea-bhéasa i dtaca le casacht riachtanach, Clúdaigh do bhéal agus srón le chiarsúr nó le lúb na huillinne. Faigh réidh leis an gciarsúr go tapa agus go sábháilte.
- Sláinteachais Lámh – Tá sláinteachais lámh an-tábhachtach agus caithfear fios a bheith agat cén uair le do lámha a níochán. Caithfidh daltaí agus foireann a gcuid lámha a níochán ag teacht isteach chuig na scoile, roimh ithe/ól, théis dul chuig an leithris, théis a bheith taobh amuigh agus théis casacht nó sraoth
- Cloí le Scaradh Fisiciúil – Caithfear 2m a choinneáil na ball foirne agus na daltaí. Tá srian iomlán ar teagmháil aghaidh le aghaidh. Beidh 1m idir dhaltaí sna seomraí ranga.
- Ag laghdú caidreamh idirghníomhach – Beidh seomra ranga ag gach bliain grúpa agus beidh na múinteoirí ag gluaiseacht ó seomra ranga go seomra ach amháin i gcás rang praiticiúla. Nuair a bhéas rang praiticiúla ag daltaí, iarrfar ar daltaí gluaiseacht go tapa agus scarúint fisiciúla a choinneáil.
- Ag teacht/imeacht ón scoil – Beidh Bliain 1 agus a 5 ag úsáid an doras buailte ar oifig an Rúnaí (Foirgneamh nua), beidh 2, 3 agus a 6 ag úsáid doras buailte ar an Saotharlann. Ag teacht isteach na scoile, beidh srian ar chumarsáid idirghníomhach agus beidh orthu dul díreach chuig a gcuid rang-ghrúpaí.
- Ag fágáil/bailiú páiste – Bí cinnte go bhfuil spás dhá mhéadair á fhágáil agat agus tú ag fágáil agus bailiú do pháiste ón scoil.
- Níl cead ag foireann nó daltaí earraí pearsanta nó ábhair scoile a roinnt mar shampla leabhair, peann 7rl.
- Tá polasaí Níl cead Lámh a chróthadh á chleachtadh sa scoil.
- Clúdaigh Aghaidheanna – Caithfidh gach dalta a gcuid soláthraí fhéin de mascanna a bheith acu. Bíodh siad aon-uaire nó athúsáideach.

**A chairde, it is imperative to prevent introduction and spread of Covid-19 in school that the following measures are adhered to:-**

- Know the symptoms of Covid-19 – **High temperature, Cough, Shortness of Breath/Breathing Difficulties, Loss of Smell/Distortion of Taste**
    - Staff or students should not attend school if displaying any symptoms of Covid-19, or if any member of their household is displaying symptoms.
    - If a staff member/student displays symptoms of Covid-19 while at school, the following are the procedures to be implemented:-
        - The person will be placed in a designated isolation area (Principal's Office)
        - **In the case of emergency, parents/guardians must be contactable always.**
        - Parents/guardians will be contacted immediately

    - Please ensure that we are updated with your current phone number.
    - If the student is too unwell to go home, or advise is required, our school will contact 999 or 112 to seek advice.
    - The HSE will inform any staff/parents who have come into contact via the Contact Tracing Process.
    - Instructions of the HSE should be followed at all times and Staff and Student confidentiality is essential at all times.
- Respiratory Hygiene – Make sure that you and the people around follow good Respiratory Hygiene, this means covering your mouth or your nose with a tissue or your bent elbow when you cough or sneeze. Dispose of the used tissue immediately and safely.
- Hand Hygiene – Hand Hygiene is important and as well as when and how to wash your hands. Students and staff must perform Hand Hygiene on arrival at school, before eating/drinking, after using the toilet, after playing outdoors, and when they cough or sneeze.
- Physical Distancing – 2m distance where possible will be maintained between staff and students. Close contact at face to face level will be avoided. 1m distance will be maintained in the classrooms amongst students.
- Decreasing Interaction – Students will remain in their assigned classrooms and teachers will move between rooms, except for practical classes. Where students have an elective subject or practical class, they will be asked to move quickly to their class and to observe as much physical distance as possible.
- Arrival/Departure from School – 1st and 5th year students must use the door nearest the secretary's office (new building), 2nd, 3rd and 6th years students will enter and depart the building using the main door nearest the science lab. Upon the students' arrival into school, their interaction will be limited and they will be assigned shared areas for their class group.
- School Drop Off and Collection – Arrangements for dropping off and collecting students should be arranged to maintain a physical 2m distance.
- Staff and students must avoid sharing personal items and class materials such as books, pens and other utensils.
- A No handshake policy is in place in our school.
- Face Coverings –
    - All students must have their own supply of ***facemasks***, either disposable or washable

***<u>Turas Fíorúil</u>* / *<u>Virtual Tour</u>***

Cuirfidh mé sibh ar an eolas nuair a bhéas na socraithe i bhfeidhm d'iarratas don scoilbhliain úr agus seoladh Físeán Fíorúil.
*We are at present working on our Virtual Tour and notification will be sent out when we are accepting applicants for the new school year.*

Ba mhaith liom chuile rath a ghuí ar ár ndaltaí don chuid eile don scoilbhliain. *I would like to wish all our students every success in this new school year and wish everybody a safe and happy Halloween break.*

Samhain Sonasach Sábháilte agus Suaimhneach oraibh go léir.
Le gach dea-ghuí,

*Gearóidín Ní Chonghaile (Príomhoide)*